AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 7.12.2011
COIM(2011) 844 leagan deireanach

2011/0412 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear ionstraim maoinithe chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain

{SEC(2011) 1478 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1479 leagan deireanach}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, (Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach). Ina theannta sin, foráiltear freisin sa Chonradh, go mbeidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar na prionsabail a spreag a chruthú, a fhorbairt agus an méadú a tháinig air, prionsabail a bhféachann sé lena gcur ar aghaidh sa domhan mór: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. (Airteagal 21).

Dá bhrí sin, tá cur chun cinn an daonlathais agus cearta an duine ina ghné bhun-riachtanach de ghníomhaíocht sheachtrach an AE. Baineann an AE úsáid as réimse leathan beart, idir idirphlé polaitiúil agus tionscnaimh taidhleoireachta agus comhar agus cúnamh teicniúil agus airgeadais, chun cearta an duine agus an daonlathas a chur chun cinn ar fud an domhain.

Tá an Rialachán maidir le hIonstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine (EIDHR) a bhunú[1] ina bhunchloch den straitéis pholaitiúil seo agus is léiriú uathúil agus sofheicthe é maidir le tiomantas láidir an AE i leith an daonlathais agus cearta an duine. Tá torthaí bainte amach i ndáiríre ag an ionstraim seo agus tá go leor scéalta ann maidir lena rathúlacht, ag cur tacaíochta ar fáil d'institiúidí um chearta an duine agus na sochaí shibhialta ar fud an domhain chomh maith le breathnóireacht toghcháin. I ngeall ar a neamhspleáchas ó thoiliú Rialtais agus i ngeall ar an tsolúbthacht a bhaineann leis, cuireann an EIDHR breisluach lárnach le bosca uirlisí beartais an AE.

Ní mór cuspóirí ginearálta agus raon feidhme an EIDHR, a chuirfidh le forbairt agus le comhdhlúthú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, daonlathais agus smachta reachta ar fud an domhain, a chaomhnú sa Rialachán nua.

Cuireann an Rialachán leis an nascáil láidir idir an daonlathas agus cearta an duine. Tá forbairt leanúnach déanta ar chlár oibre an AE maidir leis an daonlathas a chothú, agus é bogtha i dtreo cur chuige cuimsitheach anois. Is iad Conclúidí na Comhairle ó mhí na Samhna 2009[2] maidir le daonlathas a chothú an chéad chuid den chreat tairbhiúil straitéiseach maidir le beartas níos leithne agus níos comhchuibhithe i gcaidreamh seachtrach an AE. I mí na Nollag 2010, chuir an Coimisiún an chéad tuarascáil maidir leis an obair leantach ó na Conclúidí i láthair agus glacadh le conclúidí nua[3] lena n-áirítear aithint na ndeich dtír

1 Rialachán (CE) Uimh. 1889/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain – IO AE L 386/1- De bhrí (8).

2 Conclúidí na Comhairle maidir le Daonlathas a Chothú i gCaidreamh Seachtrach an AE - I dTreo Comhchuibheas agus Éifeachtacht Mhéadaithe, 16081/09.

3 Conclúidí na Comhairle maidir le Daonlathas a Chothú i gCaidreamh Seachtrach an AE - Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2010 agus liosta de thíortha treoirscéime beartaithe, 3058ú cruinniú GNÓTHAÍ EACHTRACHA na Comhairle sa Bhruiséil, 13 Nollaig 2010.

treoirscéime ina bhfuil an Clár Oibre Gníomhaíochta le cur chun feidhme agus aon ghníomh atá de dhíth láithreach.

Dá bhrí sin, meastar go bhfuil sé riachtanach go gcoinneodh EIDHR sa todhchaí raon feidhme leathan ina gcuimsítear an líon reatha gníomhaíochtaí abhcóideachta, tacaíocht bhunúsach agus oibríochtaí machaire, lena n-áirítear breathnóireacht toghcháin, trína gcuirtear tacaíocht ar fáil do na cearta bunúsacha uile ar gné dhílis den daonlathas iad, i gcomhar le gach ceart eile de chuid an duine agus gach saoirse bhunúsach eile. Is ráthaíocht atá ann maidir le réasúnaíocht beartais, cuimsitheacht an chur chuige, comhchuibheas na n-oibríochtaí agus barainneachtaí scála.

Clúdaítear cúig chuspóir i raon feidhme EIDHR ó 2007 i leith:

- Urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a fheabhsú sna tíortha is mó a bhfuil siad i mbaol iontu;
- Ról neartaithe a thabhairt don tsochaí shibhialta ó thaobh chearta an duine agus leasú daonlathach a chur chun cinn, tacú le comhréiteach síochánta leasanna grúpa agus rannpháirtíocht pholaitiúil agus ionadaíocht a chomhdhlúthú;
- Gníomhaíochtaí maidir le cearta an duine agus ceisteanna daonlathais a chothú i réimsí a chuimsítear i dTreoirlínte an AE, lena n-áirítear idirphlé maidir le cearta an duine, maidir le cosantóirí chearta an duine, maidir le pionós an bháis, maidir le céasadh, maidir le leanaí agus le coimhlint faoi airm, maidir le cearta an linbh, maidir le foréigean i gcoinne ban agus cailíní agus gach cineál idirdhealaithe ina gcoinne a chomhrac, maidir leis an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus maidir le treoirlínte féideartha don todhchaí;
- Tacú agus neartú an chreata idirnáisiúnta agus réigiúnaigh chun cearta an duine, ceartas, smacht reachta agus cur chun cinn an daonlathais a chosaint agus a chur chun cinn;
- Muinín a chruthú sna próisis toghchánaíochta daonlathaí agus cur lena n-iontaofacht agus lena dtrédhearcacht, trí bhreathnóireacht toghcháin go háirithe.

Oibríonn an straitéis freagartha[4] faoin EIDHR ar oibriú den chuid is mó le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus tríothu, atá dírithe ar na saoirsí bunúsacha atá mar bhonn le gach próiseas daonlathach a chosaint agus cabhrú leis an tsochaí shibhialta a bheith ina fórsa éifeachtach i dtaca le hathchóiriú polaitiúil agus cosaint chearta an duine. Beidh sainiúlacht na straitéise freagartha caomhnaithe go hiomlán sa Rialachán nua. Ar an mbealach seo, comhlánaíonn sí an ghlúin nua de chláir gheografacha, a dhéanann príomhshruthú ar dhaonlathas agus ar chearta an duine, cé go ndírítear ar thógáil institiúidí poiblí den chuid is mó.

Ina theannta sin, leis an rialachán nua EIDHR feabhsófar raon uirlisí an AE chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtúla leis an gcás i dtíortha achrannacha nó i gcásanna éigeandála ina bhfuil an baol is mó ag baint le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha. Léirigh forbairtí le déanaí i gComharsanacht na hEorpa, go háirithe 'an Mhúscailt Arabach" go bhfuil éileamh

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2006.

láidir dúchais ann i gcomhair saoirsí agus cearta méadaithe i gcomhar leis an daonlathas, agus ní mór don AE é sin a chothú. I gcásanna den chineál sin, beidh an tAontas Eorpach ábalta cistiú díreach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ad hoc trí dheontais dhíreacha nó deontais a bhfuil luach íseal ag gabháil leo. Beidh sé sin amhlaidh i gcás ina bhféadfadh drochthionchar a bheith ag na módúlachtaí nós imeachta ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí nó ina bhféadfadh imeaglú tromchúiseach, frithbheartaíocht nó cineálacha eile baoil a bheith ann do thairbhithe dá bharr. I bprionsabal, d'áireofaí gníomhaíochtaí ad hoc sna Páipéir Straitéise agus sna Cláir Bhliantúla. Mar sin féin, i ndálaí eisceachtúla, d'fhéadfaí glacadh le gníomhaíochtaí ad hoc trí bhíthin bhearta speisialta taobh amuigh den timthriall cláraithe.

Chun an cás a thuiscint i gcomhthéacs níos leithne, ba cheart féachaint ar an rialachán EIDHR arna bheartú i gcomhthéacs na n-ionstraimí airgeadais go léir arna mbeartú le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht "A Budget for Europe 2020 (Buiséad don Eoraip 2020)". I gcomhar leis na hionstraimí faoi Cheannteideal 4 (An Eoraip Dhomhanda) agus leis an gCiste Eorpach Forbraíochta, áiritheoidh an EIDHR nua comhchuibheas agus éifeachtacht níos fearr maidir le gníomhaíocht sheachtrach an AE.

I gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle, lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)[5] , áiritheoidh an tArdionadaí/Leas-Uachtarán comhordú polaitiúil foriomlán ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear trí bhíthin an EIDHR. Go háirithe, rannchuideoidh an SEGS le timthriall chláraithe agus bhainistíochta an EIDHR de réir mar a leagtar síos in Airteagal 9(3) den Chinneadh ón gComhairle thuasluaite.

## 2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Thionóil an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí maidir le cistiú amach anseo le haghaidh ghníomhaíocht sheachtrach an AE idir an 26 Samhain 2010 agus an 31 Eanáir 2011. Bhí an próiseas seo bunaithe ar cheistneoir ar líne a bhí ag gabháil le páipéar cúlra '*What funding for EU external action after 2013*?' (Cén cistiú le haghaidh ghníomhaíocht sheachtrach an AE tar éis 2013?') arna ullmhú ag an gCoimisiún agus ag seirbhísí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) lena mbaineann. Ba léiriú a bhí sa 220 aighneacht a fuarthas don chomhairliúchán poiblí de raon leathan agus éagsúil ina bhfuil an iomaí struchtúr, tuairimí agus traidisiún ar saintréithe iad don phobal gníomhaíochta seachtraí.

Dhearbhaigh formhór na bhfreagróirí (timpeall 70%) gur sholáthair idirghabháil airgeadais an AE **breisluach substaintiúil** sna príomhréimsí beartais arna dtacú trí Ionstraimí Airgeadais an AE i leith gníomhaíochta seachtraí[6]. Luaigh go leor freagróirí breisluach an AE mar an príomhspreagthóir don todhchaí: mheas siad gur cheart don AE leas a bhaint as a bhuntáiste comparáideach atá bainteach lena láithreacht ar an ardán domhanda, lena shaineolas fadréimseach, lena nádúr ilnáisiúnta, lena ról mar éascaitheoir comhordaithe, agus leas a bhaint as barainneachtaí scála.

5 Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010.

6 i.e. síocháin agus slándáil, laghdú bochtaineachta, cabhair dhaonnúil, infheistiú i gcobhsaíocht agus i bhfás i dtíortha méadaithe agus i dtíortha comharsanachta, dul i ngleic le dúshláin fhoriomlána, caighdeáin agus luachanna idirnáisiúnta agus an AE a chur chun cinn, agus tacú le fás agus le hiomaíochas thar lear

Tacaíonn beagnach gach freagróir (92%) le cur chuige níos difreáilte, arna oiriúnú do chás na tíre is tairbhí, bunaithe ar chritéir fhónta agus ar bhailiú éifeachtúil sonraí, le húsáid mar mhodh chun tionchar ionstraimí airgeadais an AE a mhéadú. Creideann os cionn dhá thrian de na freagróirí go dtugtar dóthain airde ar leas an AE ina ghníomhaíocht sheachtrach agus gur cheart an ghníomhaíocht sin a bheith bunaithe níos mó ar luachanna agus ar phrionsabail an AE, agus ar chuspóirí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta. Mar mhalairt air sin, measann mionlach gur cheart gníomhaíocht sheachtrach an AE a dhíriú níos mó ar leasanna an AE féin sa gheilleagar dhomhanda, go háirithe i leith geilleagracha atá ag teacht chun cinn.

Maidir le simpliú na n-ionstraimí agus an chothromaíocht idir ionstraimí geografacha agus téamacha, tá tuairimí measctha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chláir théamacha an AE agus le laghdú a d'fhéadfadh a bheith ann ar líon. Tá imní ar chuid mhaith daoine go bhfágfadh sé sin go mbeadh laghdú ar an tsuim foriomlán a bheadh ar fáil do ghníomhaíocht théamach, agus lorgaíonn siad simpliú ar na rialacha a rialaíonn rochtain agus cur chun feidhme chistiú théamach ina áit. Leagtar béim ar roinnt saincheisteanna téamacha a bhfuil tábhacht leo, mar shampla láidriú na hIonstraime Eorpaí i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine, cistiú aeráide nó cláir théamacha reatha an DCI. Tacaíonn formhór mór na bhfreagróirí le solúbthacht bhreise theorainn gheografach ionstraimí an AE a mhéadú mar mhodh chun freagairt do dhúshláin idir-réigiúnacha.

Aontaíonn tromlach na bhfreagróirí gur féidir le comhchlárú agus cómhaoiniú leis na Ballstáit méadú a dhéanamh ar thionchar agus ar chomhtháthú ghníomhaíocht sheachtrach an AE, simpliú a dhéanamh ar sheachadadh an chúnaimh, agus laghdú a dhéanamh ar chostais fhoriomlána idirbheartaíochta.

I dtaca le **comhintinn agus coinníollacht**, tá tacaíocht leathan i measc freagróirí d'imscrúdú a dhéanamh ar an gcoinníollacht, bunaithe ar an urraim atá ag an tír thairbhíoch ar chearta an duine, ar mhionlaigh, ar dhea-rialachas agus ar éagsúlacht na léirithe cultúrtha (78%) nó ar chaighdeán a cuid beartas agus ar a cumas agus ar a toilteanas beartais fhónta a chur chun feidhme (63%). Tá formhór na bhfreagróirí cáinteach maidir le comhar seachtrach a bheith bunaithe ar leasanna an AE féin.

Maidir le gníomhaíocht sheachtrach an AE maidir le **cearta an duine agus daonlathas**, chuir gach freagróir béim ar an ngá breis cur chun cinn a dhéanamh ar na cuspóirí sin agus iad a chothú ar fud an domhain trí phríomhshruthú a dhéanamh orthu laistigh de gach beartas agus gníomhaíocht de chuid an AE, agus iad a ráthú in ionstraim airgeadais thiomanta, leithleach a oibríonn i gcomhar leis. Tá luach ard ag baint leis an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine agus d'iarr gach páirtí leasmhar ar an AE a acmhainneacht a fheabhsú, a bhreisluach a chosaint agus an luas seachadta a fhorbairt tuilleadh, go háirithe sna cásanna is achrannaí agus is práinní.

**<u>Measúnú tionchair</u>**

Rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair inar breithníodh 3 bhunrogha beartais (agus roinnt fo-roghanna):

(1) Gan Rialachán EIDHR ar leithligh agus cearta an duine agus daonlathas a phríomhshruthú faoi ionstraimí eile;

(2) Gan athrú a dhéanamh ar an rialachán reatha, ach méadú a chur ar an leithdháileadh buiséid a dhéanfaidh foráil do ghníomhaíochtaí breise faoin gcreat reatha;

(3) Rialachán cumasúcháin níos fearr a thógáil, agus príomhghnéithe an Rialacháin reatha a chothú ag an am céanna.

Níor coinníodh an chéad rogha toisc go mba léir go gcruthófaí meon polaitiúil diúltach dá gcuirfí ionstraim neamhspleách maidir le cearta an duine agus daonlathas faoi chois agus go gcuirfí ar ceal prionsabail shonracha, luachmhara oibre amhail easpa toilithe na tíre aíochta nó bheith ag díriú ar ghníomhaithe sa tsochaí shibhialta. Mar thoradh air sin, laghdófaí éifeachtúlacht ó thaobh seachadta agus chaillfí amach ar chlú agus ar infheictheacht an AE.

Cuireadh an dara rogha ar leataobh freisin ós rud é nach dtabharfaí an deis tabhairt faoi dhúshláin nua go leormhaith, úsáid a bhaint as ceachtanna a foghlaimíodh agus freagairt d’éilimh nua.

Coinníodh an tríú rogha ós rud é go gcuirfí an deis ar fáil sochair pholaitiúla agus oibríochtúla na n-ionstraimí a chothú, agus ag an am céanna oiriúnú níos fearr a dhéanamh ar an rialachán. Faoin rogha seo, ba cheart an dréacht nua a thógáil mar rialachán cumasúcháin níos fearr. Chuirfeadh an ionstraim athbhreithnithe a bhunófaí uirlis dírithe ar an bpróiseas ar fáil a bheadh dírithe ar cheithre fhuinneog éagsúla:

- feachtais théamacha ina bhfuil meascán d’abhcóideacht agus d’oibríochtaí ar an láthair i gcomhair cúiseanna móra (e.g. an daonlathas a chothú) agus trí aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha cearta (i.e. céasadh, pionós báis, idirdhealú, etc.), mar aon le tacaíocht lárnach a thabhairt do príomhghníomhaithe agus d’oideachas sibhialta bainteach;

- tacaíocht spriocdhírithe i gcomhair sochaithe rathúla sibhialta a chumasú ina n-iarrachtaí daonlathas agus cearta an duine a bhaint amach agus a chosaint agus ina ról faoi leith mar ghníomhaithe chun athrú dearfach a bhaint amach;

- cumas atreisithe a thabhairt don AE freagra tapa a thabhairt ar cheisteanna práinneacha maidir le cearta an duine agus meicníocht chuimsitheach a bhunú do Chosantóir Chearta an Duine;

- cur chuige neartaithe agus níos comhtháite maidir le timthriallta daonlathacha, trí bhreathnóireacht toghcháin agus cineálacha eile tacaíochta a chur ar fáil do phróisis dhaonlathacha agus thoghchánacha;

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Tá an ionstraim atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 209 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena soláthraítear an bunús dlí le haghaidh comhair um fhorbairt faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Ina theannta sin, cuirtear tuilleadh tacaíochta ar fáil in Airteagal 2 agus in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach don tábhacht atá ann don AE tacú le daonlathas agus le cearta an duine mar chuid dá ghníomhaíocht sheachtrach.

Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit amháin cuspóirí an Rialacháin arna bheartú a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, de bharr na fairsinge agus

chlúdach an ghnímh, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. Tá deis uathúil ag an AE toisc go bhfuil sé in ann cuid den chúnamh seachtrach a sholáthar ar son na mBallstát agus leis na Ballstáit, gníomh a chruthaíonn creidiúnacht fheabhsaithe dó sna tíortha ina n-oibríonn sé. Níl sé de chumas ag roinnt mhaith Ballstát ionstraimí seachtracha domhanda a fhorbairt nó níl siad toilteanach é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, is trí idirghabháil ar leibhéal an AE amháin is féidir luachanna an AE a chur chun cinn ar leibhéal domhanda agus láithreacht an AE ar fud an domhain a áirithiú.

Láidrítear an cumas comhordaithe agus éascaítear comhchlárú leis na Ballstáit tríd an rialachán arna bheartú, agus áirithítear roinnt éifeachtúil an tsaothair agus seachadadh éifeachtúil cúnaimh dá réir. Díreofar cúnamh an Aontais sna háiteanna is mó a bheidh tionchar aige, cur chun cinn domhanda an daonlathais, dea-rialachais, chearta an duine agus smachta reachta, dul i ngleic fadtéarmach agus intuartha le cúnamh forbartha agus a ról maidir le comhordú lena Bhallstáit. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh, ní théann an Rialachán atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun a chuid cuspóirí a bhaint amach.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tá an ionstraim atá beartaithe mar chuid de na bearta atá le cur chun feidhme faoi Cheannteideal IV "An Eoraip Dhomhanda" de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh. Is é EUR 1 578 000 000 (praghsanna reatha) an clúdach airgeadais chun an Rialachán seo a chur chun feidhme don tréimhse 2014-2020. Is ionann é sin agus clúdach bliantúil neasach de EUR 225 000 000 ar an meán.

2011/0412 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear ionstraim maoinithe chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209 agus Airteagal 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é atá sa Rialachán seo ceann amháin de na hionstraimí lena gcuirtear tacaíocht dhíreach ar fáil do bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh sé ionadú ar Rialachán (CE) Uimh. 1889/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain[9].

(2) Bunaítear ionstraim maoinithe leis an Rialachán seo chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain ina ndéantar soláthar maidir le cúnamh neamhspleách ó thoiliú rialtais tríú tíortha agus údarás poiblí eile.

(3) Foráiltear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

(4) Foráiltear in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go mbeidh treoir ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh ó na prionsabail chéanna a spreag a chruthú: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus

[7] IO C, , lch. .
[8] IO C, , lch. .
[9] IO L 386, 29.12.2006, lch. 1.

na mbunsaoirsí, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

(5) Cabhraíonn an ionstraim maoinithe seo le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóirí an Bheartais Forbraíochta Eorpaigh.

(6) Tá an rannchuidiú a dhéanann an tAontas le daonlathas agus leis an smacht reachta agus meas ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha fréamhaithe sna prionsabail ghinearálta a nglactar go huilíoch leo arna mbunú ag an mBille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, agus aon ionstraim eile um chearta an duine lena nglactar faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, chomh maith le hionstraimí réigiúnacha ábhartha maidir le cearta an duine.

(7) Is cuid de chearta bunúsacha an duine iad comhionannas inscne agus cearta na mban agus tá ceartas sóisialta agus cur chun cinn na gcearta sin ina ghné láidir den Rialachán sin.

(8) Tá daonlathas agus cearta an duine nasctha go dlúth, mar a luaitear i gConclúidí na Comhairle an 18 Samhain 2009, maidir le tacaíocht daonlathais i gcaidreamh seachtrach an AE. Is réamhchoinníollacha iad na saoirsí bunúsacha cainte agus comhlachais maidir le hiolrachas polaitiúil agus próisis dhaonlathacha, agus tá rialú daonlathach agus scaradh cumhachtaí bun-riachtanach chun breithiúnacht neamhspleách agus an smacht reachta a chothú, agus tá siad sin riachtanach chun cearta an duine a chosaint go héifeachtach.

(9) Is dúshlán leanúnach go bunúsach atá ann cultúr de chearta an duine a thógáil agus a chothú agus an daonlathas a chur ag obair do shaoránaigh, cé go bhfuil sé fíorphráinneach agus achrannach i stáit dhaonlathacha atá ag teacht chun cinn, agus is le muintir na tíre atá i gceist a bhaineann sé ar an gcéad dul síos, gan tiomantas an phobail idirnáisiúnta a laghdú. Teastaíonn réimse institiúidí, parlaimintí daonlathacha náisiúnta go háirithe, ar chóir dóibh rannpháirtíocht, ionadaíocht, sofhreagracht agus cuntasacht a áirithiú.

(10) D'fhonn tabhairt faoi na saincheisteanna sin ar bhealach éifeachtach, trédhearcach, tráthúil agus solúbtha tar éis do Rialachán (CE) Uimh. 1889/2006 dul in éag, tá gá leanúnach ann i gcomhair acmhainní airgeadais sonracha agus ionstraim maoinithe shonrach ar féidir leo leanúint ag oibriú ar bhealach neamhspleách.

(11) Tá cúnamh an Aontais faoin Rialachán sin deartha chun na huirlisí éagsúla eile atá ann maidir le cur chun feidhme bheartais an Aontais maidir le daonlathas agus cearta an duine a chomhlánú. Áirítear ar na huirlisí sin idirphlé polaitiúil agus gníomhartha sonraithe taidhleoireachta (demarches) chomh maith le hionstraimí éagsúla maidir le comhar airgeadais agus teicniúil, lena n-áirítear cláir gheografacha agus théamacha. Oibreoidh sé freisin i gcomhar leis na gníomhaíochtaí atá níos dírithe ar ghéarchéim faoin Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta.

(12) Faoin Rialachán sin, cuirfidh an tAontas cúnamh ar fáil chun tabhairt faoi shaincheisteanna áitiúla, náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda a bhaineann leis an daonlathas agus le cearta an duine agus i gcomhpháirt leis an tsochaí shibhialta lena gcuimsítear gach cineál gníomhaíochta sóisialta ag daoine aonair nó ag grúpaí atá neamhspleách ón stát agus gníomhach i réimse chearta an duine agus thacaíocht an daonlathais.

(13) Ina theannta sin, cé nach mór príomhshruthú níos mó a dhéanamh ar chuspóirí daonlathais agus chuspóirí a bhaineann le cearta an duine i ngach ionstraim maoinithe maidir le cúnamh seachtrach, beidh ról comhlántach sainiúil breise ag cúnamh an Aontais faoin Rialachán seo de bhrí go bhfuil gné dhomhanda ag baint leis agus go bhfuil sé neamhspleách ó thoiliú

rialtas tríú tír agus údarás áitiúil eile. Cuirfidh sé sin deis ar fáil le haghaidh comhair leis an tsochaí shibhialta maidir le saincheisteanna leochaileacha a bhaineann le cearta an duine agus leis an daonlathas, agus cuirfear an tsolúbthacht ar fáil chun freagairt do dhálaí athraitheacha. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas an Aontais freisin bearta agus cuspóirí sonracha a lua agus tacú leo ar leibhéal idirnáisiúnta, gan iad a bheith nasctha ó thaobh tíreolaíochta de ná bainteach le géarchéimeanna, agus óna bhféadfadh cur chuige trasnáisiúnta a bheith ag teastáil nó lena bhféadfadh oibríochtaí laistigh den Aontas agus i réimse tríú tíortha a bheith i gceist. Ina theannta sin, cuirfear an creat is gá i gcomhair oibríochtaí ar fáil leis, amhail tacaíocht do mhisin bhreathnadóireachta toghcháin an Aontais Eorpaigh óna dteastaíonn comhchuibheas beartais, córas bainistíochta comhaontaithe agus caighdeáin oibríochta comhchoiteann.

(14) Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar thíortha agus ar chásanna práinneacha ina bhfuil an baol is mó do chearta an duine agus do shaoirse bhunúsach, agus ina bhfuil neamhaird shuntasach, chórasach á déanamh de na cearta agus de na saoirsí sin. I gcásanna den chineál sin, is iad na tosaíochtaí polaitiúla a bheidh i gceist meas a chur chun cinn ar na dlíthe idirnáisiúnta ábhartha, modhanna gníomhaíochta agus tacaíocht inláimhsithe a chur ar fáil do shochaí shibhialta áitiúil agus cur lena cuid oibre, a dhéantar i ndálaí an-achrannach. I gcásanna coimhlinte, déanfaidh an tAontas an bealach ina bhfuil gach páirtí sa choimhlint ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí dlí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn, de réir threoirlínte ábhartha an Aontais.

(15) I gcás na dtíortha nó na gcásanna is achrannaí, agus d'fhonn tabhairt faoi na riachtanais phráinneacha um chosaint atá ag cosantóirí chearta an duine, ba cheart don Aontas a bheith ábalta freagra solúbtha, tráthúil a sholáthar trí bhíthin deontas ad hoc. Beidh sé sin amhlaidh go háirithe nuair a d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag an rogha módúlachtaí nós imeachta ar éifeachtacht na mbeart nó ina bhféadfadh imeaglú tromchúiseach, frithbheartaíocht nó cineálacha eile baoil a bheith ann do thairbhithe dá bharr.

(16) Cuireann Misin Bhreathnadóireachta Toghcháin an Aontais Eorpaigh go mór agus go rathúil le próisis dhaonlathacha i dtríú tíortha. Mar sin féin, síneann cur chun cinn an daonlathais i bhfad níos faide ná an próiseas toghchánaíochta amháin. Dá bhrí sin, níor cheart do chaiteachas ar mhisin bhreathnadóireachta toghcháin suim dhíréireach den chistiú iomlán atá ar fáil faoin Rialachán seo a chomhghabháil.

(17) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le clárú agus cistiú na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin Rialachán seo a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Agus aird á tabhairt ar chineál na ngníomhartha cur chun feidhme sin, go háirithe an treo a bhfuil a mbeartas ag dul nó a n-impleachtaí airgeadais, ba cheart, go ginearálta, an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh a nglactha, ach amháin le haghaidh beart teicniúil cur chun feidhme ar mhionscála airgeadais.

(18) Tá rialacha agus nósanna imeachta coiteanna maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais do ghníomhaíocht sheachtrach leagtha síos i Rialachán (AE Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...[10], dá ngairtear "an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme" anseo feasta.

---

10 IO…

(19) Tá tuairisc ar eagrúchán agus ar oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí tugtha i gCinneadh 2010/427/AE ón gComhairle,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar agus cuspóirí***

Bunaítear leis an Rialachán seo Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine faoina gcuirfidh an tAontas cúnamh ar fáil d'fhorbairt agus do chomhdhlúthú an daonlathais agus don smacht reachta agus d'urraim ar gach ceart agus saoirsí bunúsacha an duine.

Díreofar an cúnamh sin go háirithe orthu seo a leanas

(a) cur leis an urraim agus leis an aitheantas a thugtar do chearta agus do shaoirsí bunúsacha an duine, faoi mar a fógraíodh iad i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile um chearta an duine, agus a gcosaint, a gcur chun cinn agus an faireachán a dhéantar orthu a neartú, go príomha trí bhíthin tacaíochta d'eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, do chosantóirí chearta an duine agus d'íospartaigh diansmachta agus mí-úsáide;

(b) tacú le leasuithe daonlathacha i dtríú tíortha agus iad a chomhdhlúthú, trí dhaonlathas rannpháirteach agus ionadaíoch a fheabhsú, an timthriall dhaonlathach fhoriomlán a neartú, agus iontaofacht na bpróiseas toghchánaíochta a fheabhsú, go háirithe trí mhisin bhreathnadóireachta toghcháin.

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

1. Bainfidh cúnamh an Aontais leis na réimsí seo a leanas:

(a) tacú le daonlathas rannpháirteach agus ionadaíoch, lena n-áirítear daonlathas parlaiminte agus próisis daonlathaithe agus iad a fheabhsú, agus é sin a dhéanamh den chuid is mó trí bhíthin eagraíochtaí na sochaí sibhialta, maidir le, inter alia:

(i) cur chun cinn saoirse comhlachais agus cóimeála, gluaiseacht neamhbhactha daoine, saoirse tuairimíochta agus cainte, lena n-áirítear sloinneadh ealaíonta agus cultúrtha, saoirse an phreasa agus meáin neamhspleácha iolraíocha, idir thraidisiúnta agus bunaithe ar TFC, saoirse idirlín agus bearta chun dul i ngleic le bacainní riaracháin maidir le feidhmiú na saoirsí sin, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na cinsireachta;

(ii) riail an dlí a neartú, neamhspleáchas na mbreithiúna a chur chun cinn, leasuithe dlí agus institiúideacha a spreagadh agus a mheas, agus rochtain ar cheartas a chur chun cinn;

(iii) an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, binsí coiriúla ad hoc idirnáisiúnta agus próisis agus meicníochtaí ceartais idirthréimhseacha um fhírinne agus um athmhuintearas a chur chun cinn agus a neartú;

(iv) tacú le leasuithe chun cuntasacht agus formhaoirseacht éifeachtach agus trédhearcach a bhaint amach, lena n-áirítear leasuithe in earnálacha na slándála agus an cheartais, agus bearta a spreagadh i gcoinne éillithe;

(v) iolrachas polaitiúil agus ionadaíocht dhaonlathach polaitíochta a chur chun cinn agus rannpháirtíocht pholaitiúil na saoránach a spreagadh, go háirithe rannpháirtíocht grúpaí imeallaithe, i bpróisis athchóirithe daonlathaigh ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

(vi) rannpháirtíocht chothrom idir fir agus mná sa saol sóisialta, eacnamaíochta agus polaitiúil a chur chun cinn agus tacú le comhionannas deiseanna, agus le rannpháirtíocht agus le ionadaíocht pholaitiúil ban;

(vii) tacú le bearta chun idir-réiteach leasanna grúpaí a éascú go síochánta, lena n-áirítear tacú le bearta chun muinín a chothú maidir le cearta an duine agus daonlathú.

(b) cur chun cinn agus cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, faoi mar a fógraíodh iad i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile a bhaineann le cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, go príomha trí eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a bhaineann inter alia le:

(i) pionós an bháis a dhíothú, cosc ar chéasadh agus ar íde nó ar phionós mídhaonna nó táireach eile agus athshlánú íospartach an chéasta;

(ii) tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do chosantóirí chearta an duine, i dtéarmaí Airteagal 1 de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe ar Cheart agus ar Fhreagracht Daoine Aonair, Grúpaí agus Orgán na Sochaí chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a dtugtar Aitheantas Uilechoiteann dóibh a Chur Chun Cinn agus a Chosaint;

(iii) an comhrac i gcoinne ciníochais agus na seineafóibe agus an idirdhealaithe bunaithe ar aon fhoras, lena n-áirítear inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach;

(iv) saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta chun deireadh a chur le gach cineál fuatha, éadulaingthe, agus idirdhealaithe bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh trí chaoinfhulaingt agus meas ar éagsúlacht reiligiúnach agus chultúrtha a chothú;

(v) cearta daoine dúchasacha agus cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh agus de ghrúpaí eitneacha iad;

(vi) cearta na mban faoi mar a fógraíodh iad sa Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú agus sna Prótacail Roghnacha a ghabhann leis, lena n-áirítear bearta chun cur in aghaidh chiorrú ball giniúna ban, póstaí éigeantais, coireanna onóra, gáinneála, agus aon chineál eile foréigin in aghaidh ban;

(vii) cearta an linbh, faoi mar a fógraíodh iad sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus na Prótacail Roghnacha a ghabhann leis, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne saothar leanaí, gáinneála leanaí agus striapachais linbh, agus saighdiúirí linbh a earcú agus a úsáid;

(viii) cearta daoine atá faoi mhíchumas;

(ix) cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha agus cur chun cinn na gcaighdeán lárnach saothair agus freagracht chorparáideach shóisialta;

(x) oideachas, oiliúint agus faireachán i réimse chearta an duine agus an daonlathais, agus sa réimse arna chumhdach ag pointe (vii);

(xi) tacaíocht d'eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó idirnáisiúnta na sochaí sibhialta atá bainteach le caomhnú, le cur chun cinn, nó le cosaint chearta an duine agus le bearta dá dtagraítear i bpointe (vii);

(c) neartú an chreata idirnáisiúnta chun cearta an duine, ceartas, smacht reachta agus an daonlathas a chosaint, agus chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn, go háirithe trí bhíthin:

(i) tacaíocht a sholáthar i gcomhair ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le cearta an duine, ceartas, smacht reachta, agus daonlathas;

(ii) comhar na sochaí sibhialta a chothú le heagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta agus réigiúnacha, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil sé d'aidhm acu faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhaineann le cearta an duine, le ceartas, le smacht reachta, agus le daonlathas agus iad a chur chun cinn;

(iii) eolas faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta a scaipeadh, oiliúint a chur ar fáil faoi agus tacú lena fhorfheidhmiú;

(d) muinín a chruthú sna próisis toghchánaíochta daonlathaí agus cur lena n-iontaofacht agus lena dtrédhearcacht, agus ag an am céanna cur le héifeachtúlacht agus le comhsheasmhacht an timthrialla toghchánaigh, go háirithe,

(i) trí bhíthin imlonnú Mhisin an Aontais um Breathnadóireacht Toghcháin;

(ii) trí bhearta eile chun faireachán a dhéanamh ar na próisis toghchánaíochta;

(iii) trí rannchuidiú le forbairt acmhainn bhreathnadóireachta toghchánaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus trí thacú lena dtionscnaimh chun cur le rannpháirtíocht sa phróiseas toghchánach agus san obair leantach;

(iv) trí thacú le bearta atá dírithe ar phróisis toghchánaíochta a chomhtháthú go comhsheasmhach sa timthriall dhaonlathach agus moltaí a rinne Misin an Aontais um Breathnadóireacht Toghcháin a chur chun feidhme;

2. Cuirfear san áireamh cur chun cinn agus cosaint comhionannais inscne, cearta an linbh, cearta na bpobal dúchasach, cearta daoine faoi mhíchumas, mar aon le prionsabail mar chumhachtú, rannpháirtíocht, neamh-idirdhealú grúpaí leochaileacha agus cuntasacht nuair is ábhartha i gcás gach beart cúnaimh dá dtagraítear sa Rialachán seo.

3. Cuirfear na bearta cúnaimh chun feidhme i gcríocha tríú tíortha nó beidh baint dhíreach acu le cásanna a tharlóidh i dtríú tíortha, nó a mbeidh baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí domhanda nó réigiúnacha.

4. Cuirfear san áireamh sna bearta cúnaimh tréithe sonracha na ngéarchéimeanna nó na gcásanna práinne agus tíortha nó cásanna ina bhfuil easpa thromchúiseach ann maidir le saoirsí bunúsacha, áiteanna is mó a bhfuil slándáil an duine i mbaol nó áiteanna ina bhfuil eagraíochtaí agus cosantóirí chearta an duine ag gníomhú faoi na dálaí is deacra.

*Airteagal 3*

***Creat ginearálta um chlárú agus um chur chun feidhme***

Cuirfear cúnamh an Aontais faoin Rialachán seo chun feidhme trí na bearta seo a leanas agus i gcomhréir leis an gComh-Rialachán Cur Chun Feidhme:

(a) Páipéir Straitéise agus athbhreithnithe orthu de réir mar is iomchuí;

(b) Cláir Ghníomhaíochta Bhliantúla, bearta aonair agus bearta tacaíochta;

(c) Bearta Speisialta.

*Airteagal 4*

***Páipéir straitéise***

1. Leagfar amach i bpáipéir straitéise straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcúnamh a thabharfaidh sé faoin Rialachán seo, bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais, ar an staid idirnáisiúnta agus ar ghníomhaíochtaí na bpríomh-chomhpháirtithe. Beidh siad comhsheasmhach leis an gcríoch fhoriomlán, leis na cuspóirí, le raon feidhme agus le prionsabail an Rialacháin seo.

2. Leagfar amach sna páipéir straitéise na réimsí tosaíochta arna roghnú lena maoiniú ag an Aontas le linn thréimhse bailíochta an Rialacháin seo, na cuspóirí sonracha, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta. Leagfar amach iontu an chionroinnt airgeadais tháscach chomh maith, idir chionroinnt fhoriomlán agus an chionroinnt in aghaidh gach réimse tosaíochta; féadfar é seo a thabhairt i bhfoirm raoin, nuair is iomchuí.

3. Formheasfar na páipéir straitéise i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 15 (3) den Chomh-Rialachán Cur Chun Feidhme. Tabharfar páipéir straitéise cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta céanna nuair is gá sin de bharr athruithe suntasacha ar dhálaí agus ar bheartais.

*Airteagal 5*

***An Coiste***

Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún Coiste um Chearta an Duine agus um Dhaonlathas, dá ngairfear 'an Coiste' anseo feasta. Is é a bheidh sa Choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 6*

***Méid tagartha airgeadais***

Is é EUR 1 578 000 000 (praghsanna reatha) an t-imchlúdach airgeadais chun an Rialachán seo a chur chun feidhme don tréimhse 2014-2020. Is é an t-údarás buiséadach a údaróidh na leithreasaí bliantúla laistigh de theorainneacha an Chreata Airgeadais 2014 – 2020.

*Airteagal 7*

***An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí***

Is i gcomhréir le Cinneadh 2010/427 AE ón gComhairle, lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí a bheidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 8*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**<u>RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ</u>**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim maoinithe chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[11]

| |
|---|
| Teideal 19: Caidreamh seachtrach<br><br>Gníomhaíocht 19 04: An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR)<br><br>Freagraíonn teideal na caibidle buiséid seo do struchtúr reatha na n-ionstraimí airgeadais 2007-2013. Tá sé beartaithe an ghníomhaíocht agus an teideal céanna 19 04 a choimeád. |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[12]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Tá sé mar aidhm ag na hionstraimí maoinithe seo tacú leis na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas mar atá luaite sa Teachtaireacht ón gCoimisiún “Buiséad don Eoraip 2020 - Cuid II" an 29 Meitheamh 2011 (COIM/2011/500 - Buiséad don Eoraip 220 - cuid II. Doiciméid Bheartais "Gníomhaíocht Sheachtrach", lch. 43):<br><br>Beidh dhá chuspóir ag an Rialachán seo<br><br>1. Cur leis an urraim agus leis an aitheantas a thugtar do chearta agus do shaoirsí bunúsacha an duine, faoi mar a fógraíodh iad i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine, agus a gcosaint, a gcur chun cinn agus an faireachán a dhéantar orthu a neartú, go príomha trí bhíthin tacaíocht d’eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, do chosantóirí chearta an duine agus d’íospartaigh diansmachta agus mí-úsáide |

11 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
12 Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

2. Tacú le leasuithe daonlathacha i dtríú tíortha agus iad a chomhdhlúthú, trí dhaonlathas rannpháirteach agus ionadaíoch a fheabhsú, trí neartú na timthrialla daonlathaí foriomláin, agus iontaofacht na bpróiseas toghchánach a fheabhsú, go háirithe trí mhisin bhreathnadóireachta toghcháin

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuirfear an dá chuspóir thuasluaite i bhfeidhm sa chleachtas trí cuspóirí sonracha éagsúla.

Cuspóir sonrach Uimh.1

**Feachtais théamacha** a chur ar fáil trí mheascán d'abhcóideacht agus d'oibríochtaí machaire ar mhaithe le cúiseanna móra (e.g. ceartas idirnáisiúnta) agus trí aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta (i.e. céasadh, pionós an bháis, idirdhealú, etc.), mar aon le tacaíocht lárnach a thabhairt do príomhghníomhaithe agus d'oideachas sibhialta gaolmhar.

Cuspóir sonrach Uimh.2

Tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar chun **sochaithe rathúla sibhialta** a chumasú ina n-iarrachtaí daonlathas agus cearta an duine a bhaint amach agus a chosaint agus ina ról faoi leith mar ghníomhaithe chun athrú dearfach a bhaint amach.

Cuspóir sonrach Uimh.3

Cumas atreisithe a thabhairt don AE gníomhú sna timpeallachtaí is achrannaí, freagra tapa a thabhairt ar **cheisteanna práinneacha maidir le cearta an duine** agus chun tacú le Cosantóir Chearta an Duine is gá a chosaint.

Cuspóir sonrach Uimh.4

Cur chuige neartaithe agus níos comhtháite a sholáthar maidir le **timthriallta daonlathacha**, trí bhreathnóireacht toghcháin agus cineálacha eile tacaíochta a chur ar fáil do phróisis dhaonlathacha agus thoghchánacha.

*1.4.3 An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Tacú le torthaí inbhraite maidir le cur chun cinn daonlathais agus chearta an duine ar fud an domhain agus maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh.

An tionscadal a chur ar siúl go tráthúil, lena n-áirítear meicníocht chun freagra tapa a thabhairt ar chásanna práinneacha maidir le sáruithe agus le cosantóirí chearta an duine. Obair leantach thráthúil, aguisín, íocaíocht agus dúnadh.

*1.4.4 Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

<u>Déanfar cur chun feidhme an dá chuspóir thuasluaite agus na gceithre chuspóir shonracha a thomhas, inter alia, trí na táscairí seo a leanas maidir le torthaí agus iarmhairtí:</u>

Líon na bhfeachtas ar cuireadh tús leo, lena n-áirítear líon na mbeart abhcóideachta, agus go háirithe cé mhéad athruithe dearfacha a baineadh amach i ndlíthe agus i rialacháin tríú tíortha maidir le clásail faoi chearta an duine;

Líon na gCoinbhinsiún idirnáisiúnta a daingníodh, agus go háirithe, cé mhéad coinbhinsiún a d'fhéadfadh teacht i bhfeidhm i cé mhéid tír de thoradh ár dtacaíochta.

Líon na n-oibríochtaí sonracha ar an láthair, agus go háirithe cé mhéad CSOnna lagaithe nó grúpaí a raibh ceart vótála bainte díobh ar tugadh tacaíocht dóibh agus a bheadh fágtha ina n-aonar murach sin.

Líon na saoránach, na ndaoine gairmiúla agus na mac léinn a fuair oiliúint agus ar nochtadh iad do Chearta an Duine agus d'fheasacht agus oideachas faoin Daonlathas,

Líon na bpríomhghníomhaithe ar tugadh tacaíocht dóibh, go háirithe le gníomhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta, tuarascálacha, cás dlí nó ráiteas nasctha go díreach lenár dtacaíocht,

Líon na dtionscadal sochaí sibhialta a cuireadh i gcrích, ar leibhéal domhanda agus áitiúil, agus a dtionchar ó thaobh Cearta an Duine a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh orthu,

Líon na gcásanna maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, go háirithe líon na ndaoine aonair a bhfuil cosaint pholaitiúil, dlí nó fhisiceach á thabhairt dóibh agus ar tógadh amach iad as áiteanna ina raibh mí-úsáid á himirt orthu;

Líon na dtionscadal sna tíortha agus sna gcúinsí is achrannaí, agus go háirithe líon na ngníomhaíochtaí agus na ngníomhaithe a ndeachthas i dteagmháil leo sna comhthéacsanna sin is achrannaí;

Líon na bpróiseas toghchánach agus na dtimthriallta daonlathacha ar tugadh tacaíocht dóibh, a breathnaíodh, agus a leanadh, go háirithe líon na moltaí EOManna a cuireadh chun feidhme ar an láthair.

## 1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

*1.5.1 Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Tá cuntas imlíne i gCuid 1 den Mheabhrán Míniúcháin ar na riachtanais bheartais a bhfuil sé mar aidhm ag an ionstraim a chomhlíonadh i gcomhthéacs treorach polaitiúla atá ag athrú. Ag cur san áireamh an nádúr sonrach a bhaineann le cur chun cinn an daonlathais agus chearta an duine ar fud an domhain agus tacú leo, chomh maith le freagra a thabhairt ar sháruithe práinneacha ar Chearta an duine maidir le cosaint Chosantóirí Chearta an Duine, beidh riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha araon ann.

### *1.5.2 Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

I bhfianaise a bhfuil bainte amach ag an AE maidir le réiteach coinbhleachta, tógáil na síochána agus cruthú rathúnais, is cosúil go bhfuil deis den scoth aige gníomhaíocht sheachtrach a thabhairt i gcrann, thar ceann a chuid Ballstát agus ar a son, toisc go bhfuil creidiúnacht ard aige sna tíortha ina n-oibríonn sé. Tá sé i gcaoi mhaith chun ról a ghlacadh mar cheannaire domhanda ag gníomhú thar ceann a chuid saoránach, go háirithe maidir le tacú leis an daonlathais agus cearta an duine agus iad a chur chun cinn. Ach, ní féidir breisluach Eorpach a laghdú go dtí figiúr ar chlár comhardaithe: níl amhras ar bith ann ach go léiríonn tógáil na síochána ar fud an domhain, cabhrú leis an daoine is boichte ar domhan agus tacú le daonlathas agus le meas ar chearta an duine conas a chruthaíonn an AE breisluach de thoradh a chuid oibre gach lá. Is iad sin go díreach na tosaíochtaí a bheidh ag na chéad ionstraimí airgeadais eile maidir le gníomhaíocht sheachtrach an AE.

Ós rud é go bhfuil 27 Ballstát ag gníomhú faoi chuimsiú beartas agus straitéisí comónta, tá an meáchan criticiúil ag an AE chun freagra a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, cosúil le cearta uile an duine a chothú do gach duine ar domhan.

Toisc chomh mór leis an AE is féidir leis cúnamh a sheachadadh sna háiteanna is iargúlta ar domhan, áit ar beag leas straitéiseach atá ag formhór na mBallstát iontu, nach bhfuil ach dornán beag daoine acu iontu agus nach bhfuil sé ar a gcumas mórán a dhéanamh. Mar shampla, chuir an AE maoiniú ar fáil i Fidsí, i Vanuatú agus i Tíomór Thoir i gcomhair daonlathais chobhsaí agus forbartha inbhuanaithe agus tá na daoine is mó a bhfuil cúnamh uathu á fháil. Murach an AE bheadh orthu déanamh dá uireasa.

Agus na srianta buiséid mar atá faoi láthair agus é d’iallach ar roinnt Ballstát a dtacaíocht a aistarraingt ó earnálacha agus ó thíortha iomlána, is féidir leis an AE ról gníomhach a bheith aige ag cur chun cinn an daonlathais, na dlúthpháirtíochta, na cobhsaíochta, an rathúnais agus laghdú na bochtaineachta sna tíortha taobh linn agus ar fud an domhain. Sa chomhthéacs seo, luíonn sé le réasún anois níos mó ná riamh ó thaobh an gheilleagair de airgead a chur ar fáil ar leibhéal an AE, áit ar féidir difríocht a dhéanamh i ndáiríre. Go deimhin, is féidir leis na Ballstáit airgead a spáráil trí ghníomhú tríd an AE. De réir an staidéir neamhspleách a rinneadh le déanaí (*The Benefits of a European Approach, le HTSPE*) d'fhéadfaí coigiltis idir 3 agus 6 bhilliún a dhéanamh in aghaidh na bliana dá gcuirfí leasuithe maidir le héifeachtacht cabhrach i bhfeidhm, go mór mór maidir le comhroinnt an tsaothair.

Is saoire a dhéanfar an obair tríd an AE freisin. Tá na costais riaracháin níos lú ná meánchostais riaracháin na bpríomhdheontóirí cúnaimh dhéthaobhaigh. Meastar ar bhonn sonraí na bliana 2009 gurb ionann iad sin agus 5.4%. Is é cuspóir na rialacha riaracháin atá i bhfeidhm a áirithiú go gcaithfear airgead cáiníocóirí an AE i gceart, ag baint úsáide as critéir dhiana ar féidir faireachán a dhéanamh orthu.

Ina theannta sin, tá an Coimisiún Eorpach ar cheann de na comhlachtaí cabhrach is trédhearcaí ar domhan. Gléas tábhachtach ann féin is ea an trédhearcacht sin chun luach ar airgead a áirithiú. Thug an eagraíocht "Publish what you Fund" aitheantas dó seo, dream a chuir an Coimisiún Eorpach sa cheathrú háit (as 30) ina chéad Mheasúnú ar thrédhearcacht Cabhrach na ndeontóirí i bhFeabhra na bliana seo. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag déanamh feabhsuithe breise.

I gcomhairliúchán maidir leis an bPáipéar Glas a rinneadh le déanaí chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil maidir lenár mbeartas forbartha, thug siad siúd go léir a d'fhreagair le fios go raibh ról dearfach ag an AE maidir le tacú le dea-rialachas (lena n-

áirítear rannpháirtíocht na sochaí sibhialta), le slándáil, le cearta an duine agus le comhionannais inscne.

*1.5.3 Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

***Leagadh béim in athbhreithnithe agus i meastóireachtaí ar roinnt láidreachtaí***

Cuireann an EIDHR neamhspleáchas gníomhaíochta ar fáil, rud a chiallaíonn gur féidir a bheith ag obair ***gan aon ghá le toiliú an rialtais***, rud ar gné ríthábhachtach é go háirithe i limistéir atá íogair ó thaobh an daonlathais agus cearta an duine. Ar an gcaoi sin tugann an ionstraim tacaíocht d'oideachas daonlathach ar leibhéal céime do dhaoine a bheidh ina gceannairí óga Bealarúise amach anseo nó déantar iarracht inti maolú a dhéanamh ar choiriúlú gníomhaithe daonlathacha a príosúnaíodh toisc go raibh siad san fhreasúra. Ní mór cosantóirí na n-íospartach, mar shampla a ndlíodóirí, a chosaint ina seal (tríd an gcóras Cosantóir Chearta an Duine) toisc go bhfuil an baol ann go ngearrfar príosúnacht orthu toisc gur ghlac siad le cásanna gníomhaithe ar son an daonlathais nó cásanna cosantóirí cearta.

Cuireann an EIDHR ***níos mó solúbthachta ar fáil agus níos mó cumais chun freagra a thabhairt*** ar dhálaí atá ag athrú, i gcodarsnacht le cur chuige cláraithe fadtéarmach na gclár geografach. Cuireadh cúnamh láithreach ar fáil don choiste athchóirithe sa Túinéis chun slí a leagan amach i gcomhair an trasdula agus chun cabhrú leis an tsochaí shibhialta rannchuidiú leis an bpróiseas. Cuirfidh an EIDHR oiliúint ar fáil freisin le haghaidh gníomhaithe páirtithe polaitiúla, tacóidh sé leis an saorphreas agus le meáin iolraíocha neamhspleácha, idir thraidisiúnta agus bhunaithe ar TFC, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí atá saor ó chinsireacht agus ó chur isteach, faire a dhéanamh ar an trasdul daonlathach, agus tacú le hoideachas sibhialta maidir le daonlathas. D'fhéadfadh an EIDHR a bheith ar fáil freisin chun cumas táirgthe na meán a neartú agus chun iriseoirí a chur faoi oiliúint. I bhfianaise na dtoghchán atá ag teacht aníos sa Túinéis, tá sé ag cur oiliúna ar fáil do na mílte breathnóir áitiúil agus soláthróidh sé an Misean Breathnóireachta Toghcháin atá beartaithe ag an AE.

Lena chois sin ***oibríonn an EIDHR freisin sna timpeallachtaí is achrannaí*** ina bhfuil an baol is mó iontu maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha. D'fhonn sábháilteacht fhisiciúil na ngníomhaithe agus na ndaoine eile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol báis a chosaint, ní féidir sonraí tionscadail den sórt sin a fhoilsiú. Tugann an Coimisiún Eorpach tuairisc faoi na tionscadail sin do dhaoine údaraithe sa Chomhairle, sa Pharlaimint agus sa SEGS, ar bhonn riachtanais amháin agus ní féidir leis ach moladh a thabhairt don mhisneach atá ag a leithéid de ghníomhaithe dúthrachta.

Is ionann na cásanna achrannacha sin agus thart ar 20 % de ghníomhaíochtaí an EIDHR. Thug an EIDHR tacaíocht (a chosain €60 milliún) do bhreis agus 100 tionscadal dá leithéid ó 2007 i leith. Go háirithe, le tacaíocht ó ghréasán Cosantóirí Chearta an Duine atá aige thug an EIDHR tacaíocht do 19 tionscadal maidir le Cosantóirí Chearta an Duine (a chosain €13.5 milliún) i mbreis agus 45 tír.

Bíonn an EIDHR ***mar a bheadh puth úr gaoithe*** sna comhthéacsanna sin agus dírítear formhór na dtionscadal ar shlánú na sochaí sibhialta agus na meán a lagaíodh nó a fágadh ina smidiríní, agus deis a sholáthar i gcomhair idirphlé agus athraithe. Cuireann sí an deis ar fáil chun oideachais daonlathach a chur ar mhic léinn agus ar ghrúpaí leochaileacha, a bhíonn lonnaithe thar lear go minic. Cuidíonn sí le habhcóideacht na sochaí sibhialta agus diaspóraí thar lear. Uaireanta ní dhéanann sí ach daoine a chosaint agus, más gá,

íospartaigh diansmachta fhrith-dhaonlathaigh a thabhairt amach as an tír chuig áit shábháilte.

Anuas ar an "réabhlóid seasmaine", is féidir a rá anois gur thug an EIDHR tacaíocht sa Túinéis in 2010, sular tharla an trasdul, do ghníomhaíochtaí Chonradh Chearta an Duine na Túinéise, do Chumann na mBan Daonlathach (AFTD), do Cheardchumainn (UGTT), do Chumainn Bhreithiúna agus Dlíodóirí agus do dhreamanna eile. D'fhéadfaí a cheapadh toisc nár tugadh poiblíocht don tacaíocht sin ag an am gur tréigeadh na daoine nó nach raibh freagra á thabhairt ar a gcás ach bhí an EIDHR gníomhach ar bhonn praiticiúil.

***Tá béim leagtha freisin ag athbhreithnithe agus ag meastóireachtaí ar thrí réimse ceisteanna***

Ar an gcéad dul síos tharla ***ilroinnt áirithe maidir le cineálacha cur chuige agus bhí easpa soiléire san Ionstraim féin*** de dheasca cuspóirí agus straitéisí a bhí sainithe ar bhealach scaoilte, rudaí a d'fhág go raibh baol dúblála ann agus deacrachtaí maidir le tionchar na ngníomhaíochtaí a thomhas agus gur tharla lagú áirithe ar an gcomhlántacht.

Ar an dara dul síos, sna cásanna ab achrannaí ba mhinic a úsáideadh tuairisc a bhain le gníomhaíochtaí forbartha níos traidisiúnta le cur síos ar an tionscadal d'fhonn é a chosaint i dtimpeallacht naimhdeach, agus bhí an baol ann de bharr breisíocht acmhainní an EIDHR lasmuigh de thoiliú na tíre go n-úsáidfí iad le haghaidh ***gníomhaíochtaí* neamh-tosaíochta** ó thaobh raon feidhme na hionstraime. Bunaíodh tacaíochtaí cáilíochtúla dá bharr sin.

Ar an tríú dul síos, caitear arís is arís eile ***cur le solúbthacht na hionstraime***. Bíonn sé sin fíor go háirithe i gcás na coda teoranta den ionstraim a thugann aghaidh ar na cásanna is déine ó thaobh sáruithe ar chearta an duine agus práinn na gcásanna, agus nach dóigh gur leor córas glaonna oscailte chun déileáil leo

*1.5.4 Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Mar iarmhairt ar an sainordú sainráite seo maidir le Conradh, táthar chun cur chun cinn an daonlathais agus cearta an duine, agus tacaíocht dóibh, a chomhtháthú agus a phríomhshruthú i mbeartais uile an AE.

Tá an EIDHR ina chuid d'ailtireacht roinnt ionstraimí airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha arna mbeartú go comhpháirteach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Ardionadaí an CBES. Comhlánaíonn sí ionstraimí fadtéarmacha trí dhíriú ar ghníomhaíochtaí CSO i réimse an daonlathais agus chearta an duine, lena dtugtar aghaidh ar na cásanna is deacra, lena ndéantar Misin Bhreathnadóireachta Toghcháin an AE a mhaoiniú agus lena dtacaítear le feachtais áitiúla, réigiúnacha agus dhomhanda i dtaca le príomhcheisteanna maidir le cearta an duine. Is cuid thábhachtach í den raon uirlisí gníomhaíochta seachtraí níos leithne chun aird ar chearta an duine a chur chun cinn agus a choimirciú. Comhlánaíonn sí an raon uirlisí maidir le bainistíocht géarchéime agus géarchéim a chosc mar aon le cabhair dhaonnúil, oibríochtaí CBES agus an Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta trí mhearthacaíocht a sholáthar i gcásanna práinneacha de sháruithe ar chearta an duine. Gníomhaíonn sí mar nasc le gníomhaíochtaí faoisimh, athshlánúcháin agus forbartha chomh maith tríd an bhféidearthacht d'athlonnú agus athshlánú fisiceach agus meabhrach a thairiscint do dhaoine a d'fhulaing treascairtí ar chearta an duine nó trí chabhrú le cosantóirí cearta daonna i gcásanna ina bhfuil géarghá le cosaint.

Ní mór a áirithiú ar bhonn praiticiúil, ar bhealach stuama, go ndéanfar comhordú leis an gcionroinnt ceart saothair idir an EIDHR agus ionstraimí idirghníomhacha eile, go háirithe

sna céimeanna measúnaithe riachtanas de chásanna. Go deimhin, comhlánaíonn an EIDHR oibríochtaí ECHO, mar is minic gur íospartaigh de sháruithe ar chearta an duine a bhíonn i ndídeanaithe agus i dtairbhithe an fhaoisimh dhaonnúil agus ní mór iad a thaifeadadh, a chlárú agus a chóireáil. Tá sineirgí láidre agus atreisiú frithpháirteach ann leis an Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta (e.g. i gcás éigeandálaí), leis an gclár Neamh-Ghníomhaí Stáit (e.g. tacaíocht do CSOnna), an Clár um Infheistíocht i nDaoine (e.g. grúpaí inscne agus grúpaí a bhfuil ceart vótála bainte díobh) agus leis an tSaoráid nua um Shochaí Shibhialta Comharsanachta as seo amach.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒ Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh in éifeacht ón 01/01/2014

– Tionchar airgeadais ón 01/01/2014 go dtí an 31/12/2020

☐ Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir BBBB agus BBBB,

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

## 1.7 Modhanna bainistíochta atá beartaithe[13]

☒ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☒ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☒ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☒ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[14]

– ☒ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☒ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☒ **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☒ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta ***(tabhair sonraí)***

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

---

13 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin BudgWeb: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

14 Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

De bharr nádúr sonrach na hionstraime chun aghaidh a thabhairt ar chásanna íogaire agus casta maidir le Cearta an Duine agus Daonlathas, go háirithe sna tíortha agus sna cásanna is deacra chomh maith le riachtanais chosanta a bhfuil práinn leo, ní foláir nó go mbainfí leas as uasraon modhanna bainistíochta ina leith.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh cé chomh minic agus na coinníollacha.*

Tá córais Faireacháin agus Meastóireachta an Choimisiúin Eorpaigh á ndíriú níos mó ar thorthaí. Baineann siad le foireann inmheánach mar aon le saineolas seachtrach.

Déanann Bainisteoirí Cúraimí i dToscaireachtaí agus ag an gCeanncheathrú faireachán leanúnach ar chur chun feidhme tionscadal agus clár i roinnt slite éagsúla, lena n-áirítear áit ar bith a mbíonn sé indéanta trí chuairteanna allamuigh. Faightear faisnéis luachmhar maidir le dul chun cinn trí fhaireachán; cuidíonn sé le bainisteoirí baic iarbhír agus fhéideartha a shainaithint agus gníomh ceartaitheach thráthúil a ghlacadh nuair is iomchuí.

Déantar saineolaithe seachtracha, neamhspleácha a chonrú chun feidhmíocht ghníomhaíochtaí seachtracha an AE a mheasúnú trí bhíthin thrí chóras éagsúla. Cuireann na measúnuithe seo le cuntasacht agus le feabhas a chur ar idirghabhálacha leanúnacha; baineann siad leas as ceachtanna freisin ó thaithí roimhe seo chun beartais agus gníomhaíochtaí amach anseo a threorú. Baintear úsáid as critéir mheastóireachta ECFE-CCIP, lena n-áirítear tionchar (féideartha), i gcás na n-uirlisí go léir.

Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal tionscadail, trí bhíthin an chórais Faireacháin atá Dírithe ar Thorthaí (ROM) cuirtear roghbhlúire fócasaithe achomair ar fáil maidir le cáilíocht sampla idirghabhálacha. Ag baint úsáide as modheolaíocht chaighdeánaithe, ardstruchtúrtha, tugann saineolaithe neamhspleácha ROM gráid lena léirítear láidreachtaí agus laigí an tionscadail agus tugann siad moltaí faoin gcaoi is fearr chun éifeachtacht a fheabhsú.

Trí mheastóireachtaí ar leibhéal tionscadail arna mbainistiú ag Toscaireacht an AE atá i gceannas an tionscadail, baintear amach grinnanailís níos mionsonraithe agus cabhraítear le bainisteoirí tionscadail feabhas a chur ar idirghabhálacha leanúnacha agus cinn a ullmhú don todhchaí. Fostaítear saineolaithe seachtracha, neamhspleácha a bhfuil saineolas téamach agus geografach acu chun an anailís a dhéanamh agus aiseolas agus fianaise a bhailiú ó na páirtithe leasmhara go léir, go háirithe na tairbhithe deiridh.

Déanann an Coimisiún meastóireachtaí straitéiseacha ar a chuid beartas chomh maith, idir chlárú agus straitéis go dtí cur chun feidhme idirghabhálacha in earnáil shonrach (amhail sláinte, oideachas etc), i dtír nó i réigiún, nó maidir le hionstraim faoi leith. Is ionchur tábhachtach iad na meastóireachtaí seo chun beartais a chruthú agus chun ionstraimí agus tionscadail a dhearadh. Tá na meastóireachtaí seo go léir foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus tá achoimre de na torthaí ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Tá na rioscaí seo a leanas maidir le cuspóirí na hIonstraime a bhaint amach ina saintréithe de thimpeallacht oibríochtúil na n-oibríochtaí atá le déanamh faoin ionstraim seo:

– D'fhéadfadh bacainní fisiceacha agus polaitiúla a bheith i gceist maidir le tionscadail a chur ar fáil de bharr na dtimpeallachtaí deacra dírithe ina bhfeidhmítear an ionstraim, go háirithe sna cásanna/tíortha is deacra

– D'fhéadfadh dúshláin acmhainne maidir le cur chun feidhme agus faireachán a bheith i gceist le tionscadail bheaga agus tionscadail atá scaipthe ar fud an domhain,

– Bíonn deacracht agus moilleanna i gceist leis an gcur chun feidhme de thoradh ar an éagsúlacht mhór tairbhithe a bhfuil struchtúir éagsúla bainistíochta agus rialúcháin acu, mar aon le cumas lag go minic,

– D'fhéadfadh cáilíocht agus cainníocht theoranta, agus go minic cineál conspóideach, na sonraí ar éabhlóid an daonlathais agus chearta an duine i dtríú tíortha éagsúla cur isteach ar chumas an Choimisiúin tuairisciú ar thorthaí agus a bheith freagrach astu,

– D'fhéadfadh sé nach mbeadh acmhainní imleora ann chun bainistiú cuí a dhéanamh ar an ionstraim de bharr easpa creidmheasanna riaracháin.

### *2.2.2 Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Tá rialú inmheánach an Choimisiúin deartha chun urrús réasúnach a sholáthar maidir le cuspóirí a bhaint amach i leith éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chuid oibríochtaí, iontaofacht a chuid tuairiscithe airgeadais agus comhlíonadh an chreata ábhartha riaracháin, airgeadais agus nós imeachta.

Cuireann an Coimisiún Próiseas Pleanála agus Beartais Straitéisigh fairsing i bhfeidhm, mar aon le hiniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach agus Caighdeáin um Rialuithe Inmheánacha Choimisiúin eile. Leanfaidh an Coimisiún d'úsáid a bhaint as a chóras cuntasaíochta reatha (ABAC) chomh maith le huirlis shainiúil um chabhair sheachtrach amhail Comhchóras Faisnéise Relex (CRIS). Rachaidh sé i mbun na gcaighdeán is airde cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais chun tuairim leanúnach gan choinníoll óna iniúchóirí seachtracha (An Chúirt Iniúchóirí) a áirithiú.

Ina theannta sin, d'fhonn an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint amach, baineann an Coimisiún leas as cur chuige saincheaptha ina n-áirítear:

– - bainistíocht tarmligthe ar chuid fhónta dá chabhair ó thoscaireacht an AE sa réimse

– - línte soiléire de chuntasacht airgeadais trí fho-thoscaireachtaí d'Údaráis um Údarú sa Cheanncheathrú agus sna toscaireachtaí,

– - tuairisciú rialta, lena n-áirítear Ráiteas Dearbhaithe ó Cheann na Toscaireachta,

– - clár oiliúna suntasach ag an gCeanncheathrú agus sa Toscaireacht araon

– - treoir agus tacaíocht shuntasach,

– - fíoruithe rialta,

– - modheolaíocht Bainistíochta Timthrialla Tionscadail, agus tacaíocht cáilíochta do gach ceann dá comhpháirteanna,

– - Bainistíocht tionscadail agus cláir, uirlisí faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach lena n-áirítear faireachán seachtrach rialta ar thionscadal ar an bpointe,

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

I bhfianaise na timpeallachta ardriosca ina bhfeidhmíonn EuropeAid/FPI, ní foláir nó go ndéanfaí méid suntasach earráidí comhlíontachta féideartha (neamhrialtachtaí) in idirbhearta a réamh-mheas lena gcórais agus go gcuirfí leibhéal ard rialuithe coisctheacha, braiteacha agus ceartaitheacha san áireamh iontu chomh luath agus is féidir sa phróiseas íocaíochta. Ciallaíonn sé sin sa chleachtas go mbraithfidh rialuithe comhlíontachta EuropeAid/FPI ar sheiceálacha suntasacha ex-ante ar bhonn ilbhliantúil den chuid is mó, arna ndéanamh ag iniúchóirí seachtracha agus ag foireann an Choimisiúin sa réimse roimh íocaíochtaí deiridh an tionscadail (fad is atá roinnt seiceálacha agus iniúchóireachtaí ex-post fós á ndéanamh), ag dul i bhfad thar na gcoimircí airgeadais a cheanglaítear leis an Rialachán Airgeadais. Tá na comhpháirteanna suntasacha seo a leanas *inter alia* i gcreat comhlíontachta EuropeAid/FPI:

Bearta coisctheacha

– Oiliúint lárnach éigeantach ina gcuimsítear saincheisteanna calaoise i gcomhair iniúchóirí agus foirne bainistíochta cabhrach;

– Treoir a sholáthar (lena n-áirítear tríd an idirlíon) lena n-áirítear an *Practical Guide to Contracts*, doiciméad comhghabhálach EuropeAid, agus an tSraith Straitéisí Bainistíochta Airgeadais (i gcomhair comhpháirtithe cur chun feidhme);

– Measúnú ex-ante lena áirithiú go bhfuil bearta iomchuí frithchalaoise chun calaois i mbainistiú cistí an AE a chosc agus a bhrath ar bun ag na húdaráis a bhainistíonn na cistí ábhartha faoi chomhbhainistíocht agus faoi bhainistíocht láraithe);

– Scagadh ex-ante na meicníochtaí frithchalaoise atá ar fáil sa tír chomhpháirtíochta mar chuid den mheasúnú ar chritéir incháilitheachta na bainistíochta airgeadais phoiblí maidir le tacaíocht bhuiséadach a fháil (i.e. tiomantas gníomhach chun calaois agus éilliú a chomhrac, údaráis iniúchta leormhaithe, cumas breithiúnach leordhóthanach agus meicníochtaí éifeachtúla freagartha agus smachtbhanna);

– Shínigh an Coimisiún an Tionscnamh Trédhearcachta um Chabhair Idirnáisiúnta (IATI) in Accra in 2008, lenar comhaontaíodh caighdeán um thrédhearcacht cabhrach lena n-áirithítear sonraí níos tráthúla, níos mionsonraithe agus níos rialta faoi shreafaí cabhrach agus faoi dhoiciméid.

– Ón 14 Deireadh Fómhair 2011, tá an chéad chéim de chaighdeán an IATI maidir le trédhearcacht na faisnéise cabhrach a fhoilsiú á cur chun feidhme ag an gCoimisiún roimh an gcéad Fhóram Ardleibhéil eile ar éifeachtacht cabhrach in Busan i Samhain 2011. Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún i gcomhar le Ballstáit an AE ar fheidhmchlár TF comhpháirteach bunaithe ar an nGréasán ar a ngairtear TR-AID, lena n-aistrítear na sonraí faoi chabhair an AE arna soláthar trí bhíthin an IATI agus foinsí eile go dtí faisnéis faoi chabhair atá éasca le tuiscint.

Bearta braiteacha agus ceartaitheacha

– Fíoruithe agus iniúchóireachtaí seachtracha (cinn éigeantacha agus bunaithe ar riosca araon) lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;

– Seiceálacha cúlghabhálacha (ar bhonn riosca) agus aisghabhálacha;

– Maoiniú an AE a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil cás calaoise tromchúiseach, lena n-áirítear éilliú ar mhórscála, go dtí go bhfuil gníomh iomchuí glactha ag na húdaráis d'fhonn calaois dá leithéid a cheartú agus a chosc amach anseo

Ceapfaidh EuropeAid/FPI a straitéis frithchalaoise i gcomhréir le straitéis frithchalaoise nua an Choimisiúin (CAFS) arna glacadh an 24 Meitheamh 2011 d'fhonn a áirithiú *inter alia*:

– go bhfuil rialuithe inmheánacha EuropeAid/FPI maidir le frithchalaois ailínithe go hiomlán leis an CAFS;

– go bhfuil cur chuige EuropeAid/FPI maidir le bainistíocht riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus ar fhreagairtí imleora a shainaithint;

– Trí bhíthin na gcóras a úsáidtear chun cistí an AE a chaitheamh i dtríú tíortha is féidir sonraí a fháil d'fhonn na sonraí sin a chur san áireamh i mbainistiú riosca calaoise (e.g. maoiniú dúbailte);

– Más gá, d'fhéadfaí grúpaí líonraithe agus uirlisí TF leormhaithe a bhunú atá tiomanta d'anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann leis an earnáil cabhrach sheachtrach. 2.4. Meastachán ar chostais agus ar thairbhí na rialuithe

I gcás phunann EuropeAid ina hiomláine, is é **€ 658 milliún** meán bliantúil measta na gcostas bainistíochta / rialaithe inmheánaigh ina n-iomláine, in oibleagáidí i bpleanáil buiséid 2014-2020. Áirítear leis an bhfigiúr sin bainistiú an CFE, a fheidhmítear ar bhealach comhtháite faoi chuimsiú struchtúr bainistíochta EuropeAid. Is ionann na costais 'neamh-oibríochtúla' seo agus thart ar **6,4 %** den mheán bliantúil measta de **€ 10.2 billiún** atá beartaithe le haghaidh oibleagáidí foriomlána (oibríochtúla + riaracháin) EuropeAid ar a phunann caiteachais arna maoiniú ó Bhuiséad Ginearálta an AE agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta le haghaidh na tréimhse 2014-2020.

Cuirtear foireann uile EuropeAid ag an gceanncheathrú agus sna Toscaireachtaí san áireamh sna costais bhainistíochta seo, mar aon le bonneagar, taisteal, oiliúint, faireachán, meastóireacht agus conarthaí iniúchta (lena n-áirítear na cinn sin arna seoladh ag tairbhithe).

Tá sé beartaithe ag EuropeAid an cóimheas idir gníomhaíochtaí bainistíochta / gníomhaíochtaí oibríochtúla a laghdú le himeacht ama de réir shocruithe simplithe agus feabhsaithe na n-ionstraimí nua, ag cur le hathruithe is dóigh a thabharfar isteach faoin Rialachán Airgeadais athbhreithnithe. Réadaítear príomhthairbhí na gcostas bainistíochta seo i dtéarmaí cuspóirí beartais a bhaint amach, úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as acmhainní, agus feidhmiú bearta coisctheacha cost-éifeachtúla stóinsithe agus seiceálacha eile chun úsáid dhleathach agus rialta cistí a áirithiú.

Fad is a leanfar de dhul i mbun feabhsuithe ar chineál agus ar dhíriú na ngníomhaíochtaí bainistíochta agus na seiceálacha comhlíontachta maidir leis an bpunann, tá na costais seo riachtanach ar an iomlán chun cuspóirí na n-ionstraimí a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, agus an riosca íosta neamhchomhlíontachta i gceist (faoi 2% d'earráid iarmharach). Tá na rioscaí sin i bhfad níos lú ná na rioscaí atá i gceist le rialuithe inmheánacha a bhaint nó a chúlú sa réimse ardriosca seo.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir: | LD/LN (15) | ó thíortha[16] CSTE | ó thíortha is iarrthóirí[17] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| IV | 19 04: An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine<br><br>19 04 01 An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine (EIDHR)<br><br>19 04 03 Breathnadóireacht thoghchánach<br><br>19 04 05 Comhlánú iarchomhair<br><br>19 04 06 Treoirthionscadal - Fóram Sochaí Sibhialta an AE-na Rúise<br><br>19 04 07 Treoirthionscadal - Cistiú le haghaidh íospartaigh an chéasta | NEAMH BHAINT EACH | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir 19 04 | LD/LN | ó thíortha CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| IV | 19 04: An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine<br><br>19 04 01 An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an | Neamhbhainteach | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

15 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte
16 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
17 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Duine (EIDHR gan EOM an AE)<br><br>19 04 02 Misin Bhreathnadóireachta Toghcháin an AE (EOManna an AE)<br><br>19 04 03 Comhlánú iarchomhair | | | | | |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 4 | "An Eoraip Dhomhanda" |
|---|---|---|

| DG: DEVCO/FPI | | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 19 04 | Oibleagáidí | (1) | 198,63 | 202,84 | 207,04 | 211,34 | 213,93 | 220,24 | 224,84 | 1.478,87 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 178,43 | 182,24 | 186,04 | 189,94 | 192,03 | 197,94 | 202,14 | 1.328,77 |
| Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach[18] Uimhir na líne buiséid: 19.0104 03 | | (3) | 13,57 | 13,66 | 13,76 | 13,86 | 15,77 | 14,06 | 14,16 | 98,83 |
| **IOMLÁN leithreasaí i gcomhair DG** DEVCO/FPI | Oibleagáidí | =1+1a +3 | 212,20 | 216,50 | 220,80 | 225,20 | 229,70 | 234,30 | 239,00 | 1.577,70 |
| | Íocaíochtaí | =2 +3 | 192,00 | 195,90 | 199,80 | 203,80 | 207,80 | 212,00 | 216,30 | 1.427,60 |

18 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | 198,63 | 202,84 | 207,04 | 211,34 | 213,93 | 220,24 | 224,84 | 1.478,87 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 178,43 | 182,24 | 186,04 | 189,94 | 192,03 | 197,94 | 202,14 | 1.328,77 |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | (6) | 13,57 | 13,66 | 13,76 | 13,86 | 15,77 | 14,06 | 14,16 | 98,83 |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL <4>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | =4+ 6 | 212,20 | 216,50 | 220,80 | 225,20 | 229,70 | 234,30 | 239,00 | 1.577,70 |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 192,00 | 195,90 | 199,80 | 203,80 | 207,80 | 212,00 | 216,30 | 1.427,60 |

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | " Caiteachas riaracháin " |
|---|---|---|

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: DEVCO / FPI | | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | 7,168 | 7,096 | 7,024 | 6,953 | 6,953 | 6,953 | 6,953 | 49,100 |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | 0,595 | 0,547 | 0,541 | 0,540 | 0,541 | 0,541 | 0,541 | 3,846 |
| **IOMLÁN DG** DEVCO / FPI | Leithreasaí | | 7,763 | 7,643 | 7,565 | 7,493 | 7,494 | 7,494 | 7,494 | 52,945 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | 7,763 | 7,643 | 7,565 | 7,493 | 7,494 | 7,494 | 7,494 | 52,945 |

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | | | Bliain **N 2014** | Bliain **N+1 2015** | Bliain **N+2 2016** | Bliain **N+3 2017** | Bliain **N+4 2018** | Bliain **N+5 2019** | Bliain **N+6 20 20** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | | 219,963 | 224,143 | 228,365 | 232,693 | 237,194 | 241,794 | 246,494 | 1.630,645 |
| | Íocaíochtaí | | 199,763 | 203,543 | 207,365 | 211,293 | 215,294 | 219,494 | 223,794 | 1.480,545 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUR** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Saghas aschuir[19] / Meán chost as an aschuir | Líon na n-aschur | Cost as | Líon na n-aschur | Cost as | Líon na n-aschur | Cost as | Líon na n-aschur | Cost as | Líon | Cost as | Líon na n-aschur | Cost as | Líon | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH UIMH. 1[20]<br>Feachtais théamacha (i.e. céasadh, pionós báis etc.) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 1 | 78-88 | 43-53 | 78-88 | 43-53 | 78-88 | 43-53 | 78-88 | 43-53 | 78-88 | 43-53 | 78-88 | 43-53 | 78-88 | 43-53 | 546-616 | 20-25 % |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2<br>Forbairt sochaithe sibhialta a bhfuil borradh fúthu | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 | 340-390 | 76 | 340-390 | 76 | 340-390 | 76 | 340-390 | 76 | 340-390 | 76 | 340-390 | 76 | 340-390 | 76 | 2380-2730 | 35-40 % |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 | | | | | | | | | | | | | | | | |

19 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

20 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.4.2. "Cuspóirí sonracha..."

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Na cásanna is deacra agus cásanna práinneacha um Chearta an Duine | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 3 | 52-76 | 22,2-33,2 | 52-76 | 22,2-33,2 | 52-76 | 22,2-33,2 | 52-76 | 22,2-33,2 | 52-76 | 22,2-33,2 | 52-76 | 22,2-33,2 | 52-76 | 22,2-33,2 | 294-371 | 20-25 % |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4<br>Tacaíocht do thimthriallta daonlathacha | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 4 | 47-86 | 46,4-76,6 | 47-86 | 46,4-76,6 | 47-86 | 46,4-76,6 | 47-86 | 46,4-76,6 | 47-86 | 46,4-76,6 | 47-86 | 46,4-76,6 | 47-86 | 46,4-76,6 | 329-602 | 25-30 % |
| Atá ina Misean Breathnóireachta Toghcháin (EOM) | 11-14 | 44-55 | 11-14 | 44-55 | 11-14 | 44-55 | 11-14 | 44-55 | 11-14 | 44-55 | 11-14 | 44-55 | 11-14 | 44-55 | 77-98 | 20-25 % |
| **COSTAS IOMLÁN** | 506-640 | 198,63 | 506-640 | 202,84 | 506-640 | 207,04 | 506-640 | 211,34 | 506-640 | 213,93 | 506-640 | 220,24 | 506-640 | 224,84 | 3542-4480 | 1.478,87 |

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1 Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N [21] 2014** | Bliain **N+1 2015** | Bliain **N+2 2016** | Bliain **N+3 2107** | Bliain **N+4 2018** | Bliain **N+5 2019** | Bliain **N+6 20 20** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 7,17 | 7,10 | 7,02 | 6,95 | 6,95 | 6,95 | 6,95 | 49,10 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,595 | 0,547 | 0,541 | 0,540 | 0,541 | 0,541 | 0,541 | 3,846 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 7,763 | 7,643 | 7,565 | 7,493 | 7,494 | 7,494 | 7,494 | 52,945 |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDE AL 5[22] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 8,81 | 8,81 | 8,81 | 8,81 | 8,81 | 8,81 | 8,81 | 61,67 |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 4,76 | 4,85 | 4,95 | 5,05 | 6,96 | 5,25 | 5,35 | 37,16 |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 13,57 | 13,66 | 13,76 | 13,86 | 15,77 | 14,06 | 14,16 | 98,83 |
| **IOMLÁN** | **21,333** | **21,306** | **21,324** | **21,349** | **23,264** | **21,551** | **21,654** | **151,780** |

21 Is í bliain N an bhliain ina gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

22 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA”), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

3.2.3.2 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/ tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | | 35,1 | 34,8 | 34,4 | 34,1 | 34,1 | 34,1 | 34,1 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | 9,8 | 9,7 | 9,6 | 9,5 | 9,5 | 9,5 | 9,5 |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[23] | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "gclúdach iomlánaíoch") | | 5,2 | 5,2 | 5,1 | 5,1 | 5,1 | 5,1 | 5,1 |
| XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 ***bb*** [24] | - sa Cheanncheathrú[25] | 34,7 | 34,1 | 33,4 | 32,7 | 32,1 | 31,5 | 30,9 |
| | - i dtoscaireachtaí | 73,4 | 73,4 | 73,4 | 73,4 | 73,4 | 73,4 | 73,4 |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE - Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **158,3** | **157,1** | **155,9** | **154,8** | **154,1** | **153,5** | **152,9** |

Le haghaidh 2014, déanfar acmhainní daonna faoi Cheannteideal 5 a dheighilt mar seo a leanas idir DEVCO agus FPI:

- Plean bunaíochta: 5,5 FTE i gcomhair FPI agus 39,4 FTE i gcomhair DEVCO (Iomlán = 44,9 FTE)

- Pearsanra seachtrach: 3,2 FTE i gcomhair FPI agus 2 FTE i gcomhair DEVCO (Iomlán : 5,2 FTE)

Maidir le hacmhainní daonna faoi Cheannteideal 4 (líne BA de chlár an EIDHR), is ionann líon na mball foirne a mhaoineofar ón líne BA in 2014 agus 102,1 gníomhaire conarthach i gcomhair Devco (28,7 ag an gCeanncheathrú agus 73,4 gníomhaire conarthach sna Toscaireachtaí) agus 6 gníomhairí conarthacha i gcomhair FPI sa Cheanncheathrú

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

---

[23] CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED= "*Jeune Expert en Délégation*" (saineolaí óg i dToscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

[24] Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

[25] Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den DG, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Cinntí Airgeadais agus Oibríochtúla agus iad a chur chun feidhme. |
| Pearsanra seachtrach | Cur chun feidhme teicniúil |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☒ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[26].

| |
|---|
| Mínigh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5 Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☒Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐Déantar foráil sa togra/tionscnamh don chómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– ☐ Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☒ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☒ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

[26] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.